Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

Ábhar:

SEACHADADH AN CHURACLAIM ATHBHREITHNITHE I MBUNSCOILEANNA AGUS IN AONAID NA GAELSCOLAÍOCHTA

Uimhir Chiorcláin:
2009/11

Dáta Eisiúna:
Meitheamh 2009

Sprioclucht:

- Príomhoidí agus Boird Ghobharnóirí i ngach Bunscoil Gaelscolaíochta dheontaschúnta agus i ngach Bunscoil dheontaschúnta ina bhfuil aonad Gaelscolaíochta;
- Boird Oideachais agus Leabharlainne;
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil;
- Comhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe;
- Comhairle na Gaelscolaíochta
- NICIE; agus
- Ceardchumainn na Múinteoirí

Feasacht Gobharnóirí:
Riachtanach

Stádas an Ábhair:
Comhairle / Faisnéis do scoileanna

Doiciméid Ghaolmhara:

"Curaclam Thuaisceart Éireann: Bunscolaíocht" treoir le haghaidh bunscoileanna agus aonaid na Gaelscolaíochta

Achoimre ar Ábhar:

Is í feidhm an chiorcláin seo comhairle a chur ar fáil do bhunscoileanna agus d'aonaid na Gaelscolaíochta i dtaca le seachadadh an churaclaim athbhreithnithe reachtúil de.

Doiciméid Cealaithe:

Ní bhaineann

Dáta Éaga:

Ní bhaineann

Fiosrúcháin:
Ba chóir aon fhiosrúchán faoi ábhar an chiorcláin seo a chur chuig:

Kym Cairns
Foireann Forbartha Curaclaim
An Roinn Oideachais
Rathgael House
43 Balloo Road
BANGOR
BT19 7PR

Suíomh gréasáin ROTÉ:
http://www.deni.gov.uk

Guthán: 028 9127 9343
Facs: 028 9127 9100

Cóipeanna breise:
Guthán: 028 9127 9636

1. Tugann an ciorclán seo comhairle do bhunscoileanna agus d'aonaid na Gaelscolaíochta i dtaca le seachadadh an churaclaim athbhreithnithe reachtúil de.

2. Réimsí reachtúla na foghlama agus gnéithe rannpháirteacha churaclam athbhreithnithe an bhunoideachais, agus na scileanna traschuraclaim agus scileanna eile atá mar chuid de churaclam reachtúil an bhunoideachais, tá siad uile leagtha amach san Iarscríbhinn. Tugtar sonraí ar íosmhéid ábhar reachtúil an churaclaim in Ord (TÉ) Oideachais (Íosmhéid Ábhar an Churaclaim) 2007 is féidir a aimsiú tríd an roinn Curaclam agus Measúnú ar shuíomh gréasáin na RO: www.deni.gov.uk .

3. Tuigeann an Roinn agus a Cigireacht Oideachais agus Oiliúna, áfach, go mbíonn tumoideachas ar bun in earnáil na Gaelscolaíochta, sa Bhonnchéim agus in Eochairchéim 1 go háirithe, agus go mbíonn leibhéil dhifriúla taithí ar an Ghaeilge ag daltaí agus iad ag tosú ar scoil. Sa chomhthéacs seo, i ndiaidh plé idir an Roinn, Comhairle Churaclam, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCEA) agus earnáil na Gaelscolaíochta ar an dóigh a gcinnteoidh bunscoileanna agus aonaid na Gaelscolaíochta go mbeidh riachtanais an churaclaim reachtúil á gcomhlíonadh acu, tá meitheal a raibh CCEA mar chathaoirleach air agus a raibh ionadaithe agus cleachtóirí ó earnáil na Gaelscolaíochta páirteach ann, i ndiaidh treoir "Curaclam Thuaisceart Éireann: Bunscolaíocht (Gaelscolaíocht)" a fhorbairt.

4. An doiciméad seo, a cuireadh chuig scoileanna agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin churaclam Thuaisceart Éireann – www.nicurriculum.org.uk –, tugann sé treoir ar agus tacaíocht do sheachadadh an churaclaim athbhreithnithe sa chomhthéacs ar leith d'earnáil bhunoideachas na Gaelscolaíochta.

5. Measann an Roinn Oideachais go bhfuil an treoir seo i gcomhréir le riachtanais reachtúla an churaclaim athbhreithnithe agus go mbeidh na riachtanais seo á gcomhlíonadh ag príomhoidí agus múinteoirí, ach an treoir a leanúint.

Yours sincerely

Brian Morrow

BRIAN MORROW
FOIREANN CURACLAIM & MEASÚNAITHE

IARSCRÍBHINN

CURACLAM ATHBHREITHNITHE REACHTÚIL

Is iad seo a leanas réimsí reachtúla na foghlama agus gnéithe rannpháirteacha an churaclaim athbhreithnithe do gach ceann d'eochairchéimeanna an bhunoideachais:

Bonnchéim		**Eochairchéimeanna 1 &2**	
Réimse Foghlama	**Gné Rannpháirteach**	**Réimse Foghlama**	**Gné Rannpháirteach**
Teanga agus Litearthacht	Caint agus Éisteacht Léitheoireacht Scríbhneoireacht	**Teanga agus Litearthacht**	Caint agus Éisteacht Léitheoireacht Scríbhneoireacht
Matamaitic agus Uimhearthacht	Uimhreas Tomhais Cruth agus spás Sórtáil Patrúin agus gaoil	**Matamaitic agus Uimhearthacht**	Próisis sa mhatamaitic Uimhreas Tomhais Cruth agus spás Láimhseáil sonraí
Na hEalaíona	Ealaíon agus Dearadh Ceol Drámaíocht	**Na hEalaíona**	Ealaíon agus Dearadh Ceol Drámaíocht
An Domhan Thart Orainn	An Domhan Thart Orainn	**An Domhan Thart Orainn**	Stair Tíreolaíocht Eolaíocht agus Teicneolaíocht
Forbairt phearsanta agus comhthuiscint	Tuiscint phearsanta agus sláinte Comhthuiscint sa phobal áitiúil agus sa phobal is leithne	**Forbairt phearsanta agus comhthuiscint**	Tuiscint phearsanta agus sláinte Comhthuiscint sa phobal áitiúil agus sa phobal is leithne
Forbairt Fhisiciúil agus Gluaiseacht	Forbairt Fhisiciúil agus Gluaiseacht	**Corpoideachas**	Corpoideachas
Oideachas Reiligiúin*		**Oideachas Reiligiúin***	

*An t-ábhar arna shainmhíniú ag an RO i gcomhar leis na ceithre phríomh-Eaglais Chríostaí.

De bhreis ar na réimsí curaclaim, tá na scileanna traschuraclaim Cumarsáid, Matamaitic á hÚsáid agus TFC á hÚsáid, agus na scileanna eile seo a leanas: Smaointeoireacht, Fadhbréiteach agus Cinnteoireacht; Féinbhainistiú; Ag Obair le Daoine eile; Faisnéis á Bainistiú; agus a Bheith Cruthaitheach reachtúil trasna na Bonnchéime agus Eochairchéimeanna 1 & 2.